



Preasráiteas

Lucsamburg, 28 Meitheamh 2022

Beartas talmhaíochta AE: an fhéidearthacht atá ag anailísíocht mórshonraí gan a bheith saothraithe mórán fós

Níl tairbhe bainte ag an gCoimisiún Eorpach as an bhféidearthacht a ghabhann le mórshonraí chun anailísíocht a dhéanamh ar Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais ná chun CBT a dhearadh ina dhiaidh sin, a deir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtuarascáil a d’eisigh sí inniu. Cé go bhfuil lear mór sonraí ag an gCoimisiún atá ábhartha do dhearadh, faireachán agus meastóireacht CBT, ní dhéanann na huirlisí agus na sonraí atá aige faoi láthair faisnéis bhunriachtanach áirithe a chur ar fáil atá ag teastáil chun beartas a cheapadh ar bhonn deaeolasach ar leibhéal an Aontais. Mar thoradh air sin, níl a dhóthain fianaise ag an gCoimisiún chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais CBT ná ar an tionchar atá aige.

Seasann CBT do níos mó ná an tríú cuid de bhuiséad an Aontais – €408 mbilliún idir 2014 agus 2020 – agus cuidíonn sé leis an gCoimisiún tacú le gníomhaíochtaí agus cuspóirí na mBallstát, ar minic iad fite fuaite ina chéile, lena ngabhann réimse ó tháirgeacht bia a choimeád ar bhonn slán agus an chosaint chomhshaoil a threisiú go dtí slite beatha na bhfeirmeoirí a chothabháil agus ceantair thuaithe a fhorbairt. Chun a dhéanamh amach an bhfuil a chuid ionstraimí beartais ag déileáil go héifeachtach leis na cuspóirí sin, teastaíonn sonraí ón gCoimisiún a thagann ó raon foinsí éagsúla ionas go bhféadfadh sé nasc cúisíoch a shuíomh idir beart atá in CBT agus na torthaí atá ag an mbeart sin.

“Is iad na sonraí dlúth agus inneach an cheaptha beartais ar bhonn fóna, agus tá mórshonraí ag teacht chun bheith ina gcaighdeán órga sa talmhaíocht,” arsa Joëlle Elvinger, an comhalta den Chúirt Iniúchóirí atá freagrach as an tuarascáil. “Ba cheart don Choimisiún Eorpach a chuid anailísíochta sonraí a fheabhsú agus níos mó a dhéanamh chun an fhéidearthacht atá ag mórshonraí chun anailísíocht a dhéanamh ar CBT bunaithe ar fhianaise ginearálta a shaothrú.”

Tá constaicí le treascairt ag an gCoimisiún ó thaobh an úsáid is fearr a bhaint as sonraí a thagann ó thíortha éagsúla an Aontais. Sin go príomha mar gheall nach bhfuil na sonraí ábhartha sna Ballstáit éagsúla á gcur ar fáil in aon fhormáid chaighdeánaithe amháin, rud a fhágann deacair é iad a chomhroinnt agus a athúsáid. Tá srianta ar an gCoimisiún freisin ó thaobh sonraí ar leibhéal na feirme ó fhoinsí éagsúla a thabhairt le chéile mar nach ann do chórais a d’fhéadfadh é sin a éascú, ar nós sainaitheantóir uathúil le haghaidh feirmeacha ar fud an Aontais. Chomh maith leis sin,

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

bíonn na sonraí a sheolann na Ballstáit chuig an gCoimisiún comhiomlánaithe an iomarca – rud a chuireann teorainn leis an luach is féidir leis an gCoimisiún a léamh astu. Anuas air sin, ní bhailíonn an Coimisiún leordhóthain sonraí faoi láthair ar ionchuir feirmeoireachta, amhail leasacháin agus lotnaidicídí, ná ar chleachtais feirmeoireachta a bhfuil tionchar comhshaoil ag gabháil leo. Tá an rochtain atá aige ar shonraí na mBallstát maidir le feirmeacha agus gnólachtaí talmhaíochta teoranta freisin, rud a fhágann deacair é forléargas glinn a fháil ar dháileadh chistí an Aontais.

Chun dul i ngleic le bearnaí sna sonraí, chun úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá cheana ann agus chun freastal ar riachtanais sonraí CBT, tá roinnt tionscnamh reachtach agus roinnt tionscnamh eile déanta ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh rannchuidiú le hanailís níos fearr a dhéanamh ar na beartais. Mar shampla, tá Ardstiúrthóireacht na Talmhaíochta (AS AGRI) sa Choimisiún ag déanamh tuilleadh forbartha ar fhéidearthachtaí atá ann chun sonraí spásúla ó phríomhchóras riaracháin an Aontais le haghaidh na talmhaíochta (IACS) a chomhroinnt ar fud an Aontais. Mar sin féin, tá gnáthuirilísí cosúil le scarbhileoga in úsáid go fóill ag AS AGRI chun anailís de láimh a dhéanamh ar na sonraí a bhailíonn sé ó thíortha an Aontais agus ní úsáideann sé teicnící mórshonraí le haghaidh mianadóireacht sonraí ná asbhaint uathoibríthe. Níl aon uirlis phróiseála uathoibríthe ná leath-uathoibríthe aige ach oiread chun anailísíú a dhéanamh ar shonraí den sórt sin, cé go gcruthaíonn anailís na n-iniúcháirí go bhfuil uathoibríú breise indéanta agus go bhféadfadh sochair a bheith ag gabháil le huirlisí nua a úsáid in ionad nósanna imeachta de láimh a thógann go leor ama.

Is é conclúid na n-iniúcháirí ná go bhfuil deis mhór ann don Choimisiún anailísíocht agus uirlisí ardfhorbartha atá costéifeachtach a ghlacadh isteach ina chórais TF le haghaidh próiseáil faisnéise ar bhonn uathoibríoch, chomh maith le deis mhór a bheith aige úsáid níos fearr a bhaint as sonraí le haghaidh anailís beartas. Sa bhreis air sin, is fíorbheag príomhchóras TF atá in úsáid ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun bainistiú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn anailísíocht thuarthach nó fhorordaitheach in úsáid in CBT chun cabhrú le tuiscint a fháil ar cad a tharlóidh nó cén chaoi lena chinntiú go dtarlóidh sé, agus a d'fhéadfaí a úsáid don phleanáil nó le haghaidh dearadh beartais.

Faisnéis chúlra

Is mó agus is mó atá mórshonraí in úsáid ag eagraíochtaí ar fud an domhain. Is earnáil í an talmhaíocht ina bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar nuálaíochtaí digiteacha a bheith á gcur i bhfeidhm inti; bíonn sonraí maidir le feirmeacha san Aontas á gcruthú agus á mbailiú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear clárlanna agus suirbhéanna riaracháin, aipeanna fón póca, satailítí, dróin agus innealra beacht. Tá mórshonraí róchasta agus rómhór, áfach, do chórais thraidisiúnta próiseála sonraí agus teastaíonn uirlisí agus ríomhchumhacht shárfhorbartha lena n-aghaidh.

Sna Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr ón gCoimisiún, éilítear cur chuige fianaise-bhunaithe, rud a chiallaíonn gur gá do chinntí beartais a bheith bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil. I gcás beartas fianaise-bhunaithe, bíonn sonraí ábhartha ag teastáil ag gach céim den timthriall – ón bpleanáil agus dearadh go dtí faireachán agus meastóireacht. Trí bheartais faoi threallús sonraí, is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar comhshaoil atá ag an talmhaíocht, is féidir beartais spriocdhíríthe a dhearadh agus is féidir córais faireacháin faoi threallús sonraí a úsáid.

Tá Tuarascáil speisialta Uimh. 16/2022: “Sonraí sa Chomhbheartas Talmhaíochta – Níl an fhéidearthacht iomlán atá ag mórshonraí i gcás meastóireachtaí beartais bainte amach” ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí (eca.europa.eu). Tá an tuarascáil ábhartha don CBT a thosóidh in 2023 agus freisin don CBT i ndiaidh 2027.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547